# Cúpla Focal

## Fothoghchán Liatroma Thuaidh 1908

By le Proinn Ó Duigneáin
editorial@leitrimpost.com

**Ina leabhar *Seán T* tá cursíos ag Seán T Ó Ceallaigh ar an. bhfothoghchán i Liatroim Thuaidh, Mí Feabhra 1908.**

B'é seo an chéad toghchán pairliminte inar ghlac an pairtí nua Sinn Féin páirt. Bhí beirt san iomaíocht, Charles Dolan agus Francis Meehan agus b'é Seán MacDiarmada a bhí ina stiúrthóir toghchán ag Sinn Féin. Cúpla mí roimh an toghchán d'éirigh Dolan, a bhí ina fheisire do cheantar Liatroma Thuaidh, as an bPairtí Pairliminte agus as bheith ina M.P. agus thairg sé é féin mar iarrthóir ar son Sinn Féin sa bhfothoghchán.

B'é Meehan iarrthóir an Pháirtí Éireannaigh. Deir Seán T: *'Ba thoghchán garbh gáifeach é ó thús go deireadh is i mbéal a n-anama a chuaigh lucht Sinn Féin thart in áiteanna áirithe sa dúiche. Bhí lucht an A.O.H. (Ancient Order of Hibernains) ag cur isteach ar chruinnithe agus ag tabhairt faoinár dtacadóirí féin aon áit a bhféadfaidís teacht orthu. Gortaíodh roinnt daoine dár gcuidne i gCluainín Uí Ruairc agus caitheadh uibheacha agus nithe eile linn in áiteanna éagsúla. I nDroim Caorthainn chonaic mé cúpla buicéad uisce á gcaitheamh ar Anna Parnell deirfiúr Charles Stewart Parnell, nuair a bhí sí ag siúl amach as a teach ósta go dtí carr a thabharfadh chuig cruinniú í'*.

I leabhar dar teideal 'Sinn Féin : The First Election 1908' déanann Ciarán Ó Duibhir mionscrúdú ar an bhfeachtas toghchánaíochta seo agus ar an tionchur a bhí aige ar chúrsaí polaitíochta na linne sin. Is léir óna chuntas go raibh scliúchas agus racán in áiteacha eile seachas An Cluainín agus Droim Chaorthainn. I gCionn Locha, mar shompla,chuaigh lucht tacaíochta Dolan agus Meehan i ngleic lena chéile agus d'réir na dtuairiscí ' bhí bata fuinseoige nó bata draighin ag beagnach chuile fhear sa tsraíd'. Bhí corr-chamán le feiceáil chomh maith agus tugadh faoi deara fear amháin ar a laghad a raibh barra iarainn ina ghlac aige. I gCoillte Clochair agus i nDroim Sean Bhoth bhí an clampar is an gleo beagnach chomh dona céanna.

Núair a bhí an comhaireamh thart ba ag Meehan a bhí an bhua: 3103 vóta in aghaidh 1157 do Dolan. Níl aon amhras ná go raibh andíoma ar na Sinn Féinigh ach chuir siad an crot ab'fhearr a d'fhéadfadh siad a chur ar an toradh. Dar le hArt Ó Gríofa go 'rabhthas tar éis tine a fhadú i gContae Liatroma a ghluaisfeadh fós ina laom lasracha tríd na contaethe eile go léir a scriosfadh cumhacht Shasana in Éirinn go brách' Ar ndóigh bhí an ceart aige ach níor tháinig an tuar faoin tairngireacht go ceann deich mbliain eile nuair a bhuaigh Sinn Féin an chuid is mó dena suíocháin in olltoghchán 1918.

'Sé tuairim Chiaráin Uí Dhuibhir freisin nach raibh an tionchur ag an toghchán a raibh lucht Shinn Fhéin ag súil leis. Mar sin féin bhí cúpla toradh aige a bhí tábhachtach dar leis. Ar an gcéad dul síos bhi ainmneacha MhicDhiarmada, George Gavan Duffy, Bulmer Hobson, Art Uí Ghríofa agus Sheáin T Uí Cheallaigh, P.T. Daly agus polaiteoirí eile anois i mbeal an phobail. Chomh maith leis sin bhunaigh Ó Gríofa an páipéar Sinn Féin tar éis an toghcháin agus i mí Lúnasa 1908 bunaíodh *The Sinn Féin League of America*. Toghadh Robert Temple Emmet, garnia Robert Emmet, mar uachtarán agus Joseph McGarrity mar chisteoir ar an eagraíocht.

# Faigh na focail

## Sa chistin

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| n | d | f | í | s | m | w | c | a | p | n | w | g | j | m |
| i | c | o | a | h | i | x | n | u | á | g | y | l | e | n |
| á | ó | r | i | z | t | a | x | e | p | g | v | a | x | r |
| r | f | c | i | r | e | i | c | k | a | á | i | e | c | o |
| a | r | a | a | c | t | i | o | b | a | s | n | t | e | s |
| n | a | n | s | t | a | e | h | s | í | l | b | i | o | m |
| a | t | n | e | r | o | d | a | n | h | c | h | c | o | q |
| i | r | a | r | h | á | p | n | l | b | c | f | b | y | s |
| c | n | a | z | n | j | í | r | e | i | k | a | j | a | b |
| s | t | i | x | p | o | f | l | i | e | s | t | d | j | b |
| g | q | f | l | c | u | i | s | n | e | o | i | r | a | f |
| n | i | á | h | c | o | í | n | t | h | c | a | e | l | é |
| z | t | á | x | i | k | c | s | a | g | ó | n | ú | p | s |
| a | i | p | r | o | a | u | s | c | o | n | n | a | x | n |
| n | f | k | b | k | u | h | v | f | n | r | t | d | t | k |

*babhla*
*citeal*
*cuisneoir*
*cupán*
*cófra*
*doirteal*
*forcanna*
*gabhdán*
*leacht níocháin*
*meaisín níocháin*
*pláta*
*pota*
*sceana*
*scian aráin*
*sconna*
*spúnóga*
*tarraiceán*
*éadach soithí*
*seilf*
*sorn*

# Seachtain na Gaeilge



Rinceoirí ag ceiliúradh Sheachtain na Gaeilge i Leabharlann Bhéal an Átha Mhóir. Ar Chúl (C go D): Ellen Wrynn, Siobhan McTeague, Caoimhe McCaffrey, Sarah-Beth O'Reilly, Alison Sweeney and Eadaoin McGourty. Chun Tosaigh (C go D): Niamh McGourty and Emily Sweeney. Múinteoir, Orla McCaffrey .

# Usáid do theanga

## Mallachtaí

(Ón leabhair 500 Mallacht ort le Breandán 'ac Gearailt www.coiscéim.ie)

**Go scaipe a rábaire ort é**
*May the spendthrift squander your riches*

**Nár thaga aon raidhse ar do bheagán**
*May the little you have not turn into riches*

**Gur dall í do shúil i gcúil haoine eile**
*That you may have to go to a strange place due to local pressures*

**Mian Imrí ort**
**That you may foolishly flit away all your wealth and belongings**

## Tréanna

(Ón leabhair 200 Tréanna le Breandán 'ac Gearailt www.coiscéim.ie)

**Trí shaghas fir a dteipeann orthu bean a thuiscint: Fir óga, fir aosta, agus fir mhéan-aosta**
*Three types of men who fail to understand a woman:*
*Young men, old men, and middle aged men*

**Trí nithe ná bíonn buan: Bó bhán, bean** *bhreá agus tigh ar an ard*
*Three things that wont last:*
*A white cow, a pretty woman and a house on height*

**Na trí bhall beatha is lóchailí: Súil glíin agus uileann**
*Three most delicate parts of the body:*
*The eye, the knee and the elbow*

**A triúr is aeraí ar domhan: Táiliúr, píobaire agus an gabhar agus an**
*The three most carefree in the world:*
*A tailor, piper, and a goat*

## Searabhas

**Nuair a labharann duine ar réalachas, bí cinnte gur réamh-abairt é seo ar ghníomh éigin fuilteach**
*When a man speaks of the need for realism one may be sure that this is always the prelude to some bloody deed. - Isaiah BerlinSir, THE TIMES, 1981.*

**Is iomaí athair ag rath ach is díleachta í an teip**
*It is well said that success has many fathers but failure is an orphan. – Lord Brougham.*

**An intinn: gléas len a mheasann muid go bhfuil muid á núsáid chun smaoineamh.**
*Brain, n. An apparatus with which we think that we think. - Bierce Ambrose*

**Is tineass tógálach-gnéais í an tsaoil**
*Life is a sexually transmited disease.*

## Ráiteasaí ait

**Is comhartha í chonsias glan ar droch chuimhne**
*A clear conscience is usually the sign of a bad memory.*

**Má éiríonn leat an chéad babhta trial gan íonadh bheith ort**
*If at first you DO succeed, try not to look astonished!*

**Má tá do thuairm uaim iarrfaidh mé ort na foirmeacha caoi a líonadh isteach**
*If I want your opinion, I'll ask you to fill out the necessary forms.*

**Ní féidir liom ach duine amhán a shásamh in aighidh an lae. Ní hí inniu do lá agus níl dea-chuma ar an lae amárach**
*I can only please one person per day. Today is not your day. Tomorrow doesn't look too good either.*